Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/969

21.5.2025

**CINNEADH (CBES) 2025/969 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 20 Bealtaine 2025**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/2643 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2643 ([1]).

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh (CBES) 2024/2643, measann an Chomhairle gur cheart an fhaisnéis aitheantais agus an ráiteas ar chúiseanna san iontráil a bhaineann le duine nádúrtha amháin i liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643 a leasú.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/2643 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Bealtaine 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS

---

([1]) Cinneadh (CBES) 2024/2643 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2024 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise (IO L, 2024/2643, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2643/oj).

*IARSCRÍBHINN*

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643, faoin gceannteideal 'A. Daoine nádúrtha', cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '14. | Anatolii PRIZENKO | Fear gnó<br>Dáta breithe: 26.11.1974<br>Áit bhreithe: Poblacht Shóivéadach Shóisialach na Moldóive (Poblacht na Moldóive anois)<br>Náisiúntacht: Moldóvach<br>Inscne: fireann | Is fear gnó i bPoblacht na Moldóive é Anatolii Prizenko. Ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023, chomhordaigh sé roinnt saoránach de chuid Phoblacht na Moldóive a chur chun na Fraince, áit ar phéinteáil siad Réalta Dháiví ar na sráideanna agus íocadh iad as sin a dhéanamh. Thuairiscigh na meáin an oibríocht sin go forleathan agus bhí éifeacht dhíchobhsaitheach shuntasach aici i gcomhthéacs na coinbhleachta idir Iosrael agus Hamas tar éis na n-ionsaithe an 7 Deireadh Fómhair 2023. Scaip an líonra meán Recent Reliable News íomhánna den oibríocht sin ar dtús, líonra a bhfuil baint aige le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus a úsáideann gníomhaithe na Rúise chun feachtais bhréagaisnéise a stiúradh.<br>Ghlac Anatolii Prizenko freagracht go poiblí as an oibríocht sin a eagrú. De réir tuairiscí sna meáin, rinneadh an oibríocht dhíchobhsaitheach sin ar mhaithe le seirbhís faisnéise míleata na Rúise, GRU, agus bhí mar aidhm aici teannas a spreagadh i sochaí na Fraince.<br>Dá bhrí sin, tá Anatolii Prizenko freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais de chuid Rialtas Chónaidhm na Rúise a chur chun feidhme, as tacú leo nó as tairbhe a bhaint astu, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht i mBallstát agus, dá bhrí sin, san Aontas, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí úsáid ionramhála agus cur isteach comhordaithe ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh nó páirt dhíreach nó indíreach a ghlacadh inti. | 16.12.2024'. |